

Buntáiste Breise na Gaeilge!

Tulach Mhór

Seimineár Eolais do
Dhaltaí Iar-Bhunscoile

Déardaoin
18 Samhain 2010



CLÁR

09.20 Fáiltiú agus Clárú

10.00 Cur i láthair ó na hAoichainteoirí

11:05 Glacfaidh na hAoichainteoirí le ceisteanna ó dhaltaí scoile

11:45 Duaiseanna á bhronnadh / Bileoga Aiseolais

12:00 Am do na daltaí chun cuairt a thabhairt ar na seastáin

12:30 Críoch

Kevin De Barra, Cathaoirleach

Is as An Spidéal, i gConamara é Kevin De Barra. D'fhreastail sé ar Ollscoil na hÉireann, Gaillimh áit ar bhain sé Céim Tráchtála agus Máistreacht sa Mhargaíocht amach, chomh maith le Dioplóma sa Ghaeilge, agus Dioplóma i Staidéar an Aistriúcháin. Oibríonn Kevin mar Bhainisteoir Margaíochta agus Cumarsáide Poiblí le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge.



Evanne Ní Chuilinn

Is iriseoir spóirt le RTÉ í Evanne Ní Chuilinn. Tógadh i gCill Chainnigh í, agus d'fhreastail sí ar Ghaelscoil Osraí agus Clochar na Toirbhirte sa chathair. Sa mheánscoil, bhuaigh Evanne babhta ceannais na hÉireann i ndíospóireachtaí Gael Linn. Bhain sí Céim Cumarsáide amach ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, agus ansin thug sí faoin Ard-Dioplóma i gCumarsáid Fheidhmeach ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.



Thosaigh Evanne ag obair sna meáin chumarsáide in 2004. Bhí sí ag obair mar chúntóir léirithe do chlár peile darbh ainm, Underdogs, do TG4. Fuair sí post leis an Roinn Spóirt in RTÉ, mar thaighdeoir agus mar fho-eagarthóir ar 'The Sunday Game'. Ó shin i leith, tá sí ag obair mar láithreoir agus mar thuairisceoir ar chlár spóirt agus nuacht-spóirt RTÉ. Cuireann sí alt CLG ar fáil don nuachtán Foinse gach seachtain.

Susan Folan

Tógadh Susan i gcathair na Gaillimhe. Fuair sí a cuid bunoidreachais i Scoil Fhursa agus d'fhreastail sí ar Choláiste Iognáid. Is céimí í d'Ollscoil na hÉireann Gaillimh, áit ar bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Fraincis maraon le MA sa Nua-Ghaeilge. Chuaigh sí go Londain ansin le Máistreacht Eorpach a bhaint amach san Ateangaireacht Chomhdhála.



Chuaigh sí i mbun oibre ansin mar Ateangaire Chomhdhála le hInstitiúidí an Aontas Eorpaigh ar fud na hEorpa i mBéal Feirste, sa Bhruiséil, i Strasbourg, i Liospóin, i Madrid agus sa Bhúdaipeist. Bhunaigh sí Iarchéim san Ateangaireacht Chomhdhála le hAcadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, OÉ, Gaillimh, tá sí mar Comhordaitheoir ar an gcúrsa ateangaireachta ansin.

Darragh Egan

Rugadh Darragh i bPocán, baile in aice leis an Aonach i dTiobraid Árann. Bhí an-spéis aige sa Ghaeilge i gcónaí, agus is minic a thug sé cuairt ar an nGaeltacht. D'fhreastail sé ar bhunscoil i scoil Chill an Daingin, Pocán, Aonach agus ar an meánscoil i gColáiste Pobail Bhuiríos Uí Chéin.

Bhain sé céim sa Ghaeilge amach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh in 2007.

Is múinteoir bunscoile é i Scoil Náisiúnta na Carraige ar An Aonach. Bhuaigh sé Craobh Iománaíochta na hÉireann sa sraith idirmheánach in 2004 agus Craobh Sinsir Thiobraid Árann Thuaidh in 2008. Bhí sé mar chaptaen ar fhoireann Chomhrialacha faoi 18 blain san Astráil in 2003. Tá go leor boinn buaite ag Darragh ina measc Corn Liam Mhic Charthaigh i mbliana.



Bríd Ní Chofaigh

Rugadh agus tógadh Bríd Ní Chofaigh i nGaeltacht Ráth Chairn i gCo. na Mí. D'fhreastail sí ar an mbunscoil agus meánscoil áitiúil. Bhain sí céim BA amach in Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath in Eacnamaíocht Luacháil agus Ard Diploma i Margaíocht, Caidreamh Poiblí, Fógraíocht agus Díolachán.

Tá Bríd ag obair le Comharchumann Ráth Chairn ar feadh bliana anois mar Oifigeach Forbartha don phobal agus bíonn sí ag plé le margaíocht agus caidreamh poiblí na háite. Bíonn sí ag plé freisin le haosach na háite, Ógras, Óige na Gaeltachta agus an Grúpa tuismitheoirí/páistí. Bíonn sí i bhfeighil fógraí as Contae na Mí gach seachtain ar RTÉ Raidió na Gaeltachta.



Irene Ní Nualláin

Is as an Muileann gCearr i gCo. na hIarmhí d'Irene Ní Nualláin. Bhí Irene ar dhuine de na chead fhísiriseoirí a d'fhostaigh seomra nuachta RTÉ in 2005.

Tugtar fírisiriseoir nó 'video journalist' ar iriseoir a dhéanann a chuid oibre taifeadta féin le scéal teilifíse nuachta a chur le chéile. Cháiligh Irene le céim sna Dána i nGaeilge agus i gCeol ó Ollscoil na hÉireann, Má Nuad agus MA sa Nua-Ghaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Tar éis na hollscoile, fuair sí post mar iriseoir faoi oiliúint le Foinse idir 2001 agus 2004. Chuaigh sí ag obair mar shaoririseoir ansin agus bhí sí ag obair don chlár nuachta 'Seachtain' ar RTÉ 1 le linn an ama sin. B'as sin a fuair sí post mar fhísiriseoir le Nuacht TG4 in 2005.



Buntáiste Breise na Gaeilge ar Chamchuart timpeall na tíre:



Faigh do nuacht ar líne le www.GAELPORT.com

Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge

gaelport.com

Fórsa na Gaeilge

AN fáinne

Léirigh do nasc leis an nGaeilge

www.fainne.ie